Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/235

12.2.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 248/2025

## an 24 Deireadh Fómhair 2025

## lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/235]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2023 lena leagtar síos liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus liosta na gconarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(3-c) den Treoir sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1113 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895 a mhéid a bhaineann le liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2924 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895 a mhéid a bhaineann le liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21alz (Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2620 ón gCoimisiún) d’Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘21alza. **32023 D 2895**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2023 lena leagtar síos liosta na n-oileán agus na gcalafort dá dtagraítear in Airteagal 12(3-d) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus liosta na gconarthaí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta nó na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí trasnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(3-c) den Treoir sin (IO L, 2023/2895, 22.12.2023), arna leasú le:

— **32024 D 1113**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1113 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1113, 22.4.2024),

— **32024 D 2924**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2924 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2024 (IO L, 2024/2924, 28.11.2024).’

([1]) IO L, 2023/2895, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2895/oj.
([2]) IO L, 2024/1113, 22.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1113/oj.
([3]) IO L 2024/2924, 28.11.2024,ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2924/oj.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2895, (AE) 2024/1113 agus (AE) 2024/2924 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 25 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Stefán Haukur JÓHANNESSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.